Ráiteas Baránta Stórála Custaiméirí SAMSUNG

LÉIGH NA TÉARMAÍ AGUS NA COINNÍOLLACHA SEO A LEANAS GO CÚRAMACH SULA mBAINEANN TÚ ÚSÁID AS AN TÁIRGE ARNA SHOLÁTHAR AG SAMSUNG ELECTRONICS CO., LTD. (“SAMSUNG”). IS IONANN D’ÚSÁID DEN TÁIRGE AGUS COMHAONTÚ LE TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA AN RÁITIS BHARÁNTA STÓRÁLA CUSTAIMÉIRÍ SEO AR A bhFUIL BRANDÁIL SAMSUNG (“COMHAONTÚ”). MURA nAONTAÍONN TÚ LE TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA AN CHOMHAONTAITHE SEO, NÁ hÚSÁID AN TÁIRGE.

A. Beartas Baránta

Tugann SAMSUNG baránta do cheannaitheoir an táirge seo ina bhunphacáistiú séalaithe (“Tusa”) go mbeidh an táirge, le linn na Tréimhse Baránta atá leagtha amach thíos, faoi ghnáthúsáid saor ó lochtanna san ábhar agus sa tsaoirseacht agus go mbeidh sé i gcomhréir le sonraíochtaí táirge foilsithe SAMSUNG, faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha amach ann.

I gcás go gcinneann SAMSUNG, dá lánrogha féin, go bhfuil lochtanna ábhartha ar an táirge agus nach bhfuil sé i gcomhréir go substaintiúil leis na sonraíochtaí foilsithe faoi ghnáthúsáid, ar an gcoinníoll gur Leatsa an táirge, déanfaidh SAMSUNG dá rogha féin agus faoi réir na gcoinníollacha agus na n-eisceachtaí atá sonraithe sa Chomhaontú ceachtar de: (1) táirge comhionann nó táirge lena bhfuil cumas agus feidhmiúlacht níos airde a athsholáthar; nó (2) Praghas do cheannacháin a aisíoc, lúide lacáistí ar bith. D’fhéadfadh sé go mbeadh cruthúnas ar cheannach ina dtaispeántar an fhaisnéis, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta dó, dáta agus áit an cheannaigh agus ainm an athdhíoltóra ag teastáil.

SA CHOMHAONTÚ SEO LEAGTAR AMACH DLITEANAS IOMLÁN AGUS LEIGHEAS EISIACH SAMSUNG ATÁ AR FÁIL DUITSE D’ÉILEAMH DO BHARÁNTA. SÉANANN SAMSUNG GACH BARÁNTA SAINRÁITE AGUS INTUIGTHE EILE, LENA nÁIRÍTEAR ACH GAN A BHEITH TEORANTA DÓ, BARÁNTAÍ INTUIGTHE MAIDIR LE hINDÍOLTACHT, OIRIÚNACHT D’FHEIDHM SHONRACH, AGUS NEAMHSHÁRÚ. NÍ BHEIDH SAMSUNG, A SHOLÁTHRAITHE, NÓ CLEAMHNAITHE AR BITH EILE FREAGRACH I gCÁS AR BITH AS DAMÁISTÍ INDÍREACHA, IARMHARTACHA, TEAGMHASACHA NÓ SPEISIALTA, AS CAILLTEANAS AIRGEADAIS AR BITH, AS CAILLTEANAS SONRAÍ NÓ COMHAD AR BITH, FIÚ MÁ TUGADH COMHAIRLE DO SAMSUNG FAOI FHÉIDEARTHACHT DAMÁISTE DÁ LEITHÉID AGUS IN AINNEOIN TEIPE AR CHUSPÓIR RIACHTANACH DE LEIGHEAS TEORANTA AR BITH. NÍ BHEIDH DLITEANAS SAMSUNG NÍOS MÓ NÁ AN MÉID A D’ÍOC TUSA AS AN TÁIRGE I gCÁS AR BITH. TÁ NA TEORAINNEACHA AGUS NA hEISIAIMH SIN I bhFEIDHM CHOMH FADA AGUS A CHEADAÍTEAR LEIS AN DLÍ IS INFHEIDHME. MURA FÉIDIR BARÁNTAÍ INTUIGTHE A SHÉANADH FAOI NA DLÍTHE IS INFHEIDHME, MAR SIN CHOMH FADA AGUS A CHEADAÍTEAR, BEIDH NA BARÁNTAÍ INTUIGTHE SIN TEORANTA D’FHAD AN BHARÁNTA SHAINRÁITE.

B. An Tréimhse Bharánta

Táirge		Tréimhse
Cárta	EVO Plus, PRO Plus, EVO, PRO, Plus, PRO Select, UFS, PRO Ultimate	teoranta ar feadh 10 mbliana
	Basic(Standard)	teoranta ar feadh 5 bliana
	SD Express	teoranta ar feadh 3 bliana
UFD (Flaistiomántán USB)		teoranta ar feadh 5 bliana

Ní bheidh feidhm ag an mbáranta seo ach maidir leis na cineálacha táirgí atá sonraithe thuas.

Is í an Tréimhse Bharánta a bheidh ar tháirge athsholáthair ar bith an chuid eile den Tréimhse Bharánta atá tugtha ar an táirge a cheannaigh tú ar dtús (“buntáirge”).

C. Teorainneacha Baránta

Ní fhairsingítear barántaí anseo istigh chuig úsáid ar bith as an táirge le haghaidh uirlisí taifeadta leanúnaigh nó le huirlisí taifeadta leanúnaigh ar bith n gléasanna grinnscríofa ar bith, lena n-áirítear gan teorainn, ceamaraí slándála, córais faireachais, ceamaraí deaise, ceamaraí boscaí dubha, ceamaraí prótacail/líonra idirlín, gléasanna boscaí bairr taifeadta leanúnaigh, gléasanna logála sonraí leanúnacha amhail freastalaithe, gléasanna tiomnaithe do thástálacha tagarmharcála, ná an príomhthiomántán do ghléasanna áirithe, agus úsáid(í) iomarcach(a) eile.

Níl SAMSUNG freagrach as teip ná locht ar bith a thiocfadh as láithreacht táirge, bogearraí, ná comhpháirt tríú páirtí nó as úsáid le táirge, bogearraí, nó comhpháirt tríú páirtí, cibé an bhfuil sé ceadaithe nó nach bhfuil. Tá an baránta seo ar neamhní mura n-úsáidtear an táirge i gcomhréir dhlúth lena threoracha nó má dhéantar damáiste de mar thoradh ar shuiteáil mhícheart, mí-úsáid, deisiú neamhúdaraithe, mionathrú, nó timpiste. I gcás athsholáthairtí, ní mór úinéireacht an bhuntáirge a aistriú chuig SAMSUNG agus ní chuirfidh SAMSUNG an buntáirge ar ais Chugat. Níl aisghabháil sonraí clúdaithe faoin mbáranta seo agus níl sé ina chuid den phróiseas athsholáthair. Níl SAMSUNG freagrach as caillteanas ná éilliúchán sonraí i gcás ar bith.

Aontaíonn tú nach n-úsáidfear an táirge i gcórais tacaí beatha ná i bhfeidhmchláir ar bith eile i gcás go bhféadfadh gortú tarlú nó go bhféadfadh sé bheith ina bhagairt ar an mbeatha dá dteipfeadh air. Séanann SAMSUNG freagracht ar bith agus gach freagracht i ndáil le húsáid ar bith den sórt sin as an táirge, a thiocfadh as úsáid ar bith den sórt sin as an táirge, nó a bhaineann le húsáid ar bith den sórt sin as an táirge.

Ní chlúdaíonn baránta SAMSUNG táirgí, mar shampla, a fuarthas agus iad pacáistithe go míchuí, a bhí athraithe, ná damáistithe go fisiciúil, faoi mar a mhínítear tuilleadh sa liosta thíos. Ní mór táirgí a iniúchadh nuair a gheofar iad. Is féidir leat féachaint ar liosta neamh-uileghabhálach de na teorainneacha baránta thíos.

- Pacáistithe nó seolta go míchuí, lena n-áirítear úsáid choimeádá(i)n loingseoireachta neamhcháilithe
- Mionathruithe, athruithe ar an táirge nó damáiste fisiciúil don táirge, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta dó, scríobthaí doimhne

D’fhéadfadh sé nach soláthrófaí an tseirbhís bharánta mura gcuirtear an táirge ar ais chuig ionad tabhair ar ais i réigiún Do cheannacháin. Admhaíonn agus comhaontaíonn tú leis seo go bhféadfadh impleachtaí sainiúla baránta réigiúnacha bheith i ngach réigiún lena bhféadfaí téarmaí agus coinníollacha an Chomhaontaithe seo a athrú ina fheidhm shonrach Leatsa.